Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Deireadh Fómhair 2022 (OR. en)**

**13698/22**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0330(NLE)**

**TRANS 653**
**COWEB 122**
**ELARG 89**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Deireadh Fómhair 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 537 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le hathruithe áirithe ar rialacha riaracháin agus foirne agus a mhéid a bhaineann le tabhairt isteach liúntais oideachais agus rialacha maidir le hiasacht agus saineolaithe fostaithe go háitiúil |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 537 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 537 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.10.2022
COM(2022) 537 final

2022/0330 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le hathruithe áirithe ar rialacha riaracháin agus foirne agus a mhéid a bhaineann le tabhairt isteach liúntais oideachais agus rialacha maidir le hiasacht agus saineolaithe fostaithe go háitiúil**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach arna bhunú faoin gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair ('TCT') maidir le trí chinneadh atá beartaithe ag an gCoiste sin, eadhon cinneadh lena leasaítear Cinneadh Uimh. 2019/3 uaidh a mhéid a bhaineann le rialacha áirithe riaracháin agus foirne agus a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le teilea-obair agus liúntas oideachais a thabhairt isteach i Rialacháin Foirne an Chomhphobail Iompair, cinneadh maidir leis na rialacha maidir le liúntas oideachais le haghaidh Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair, agus cinneadh i dtaca leis na rialacha maidir le hiasacht agus saineolaithe fostaithe go háitiúil.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1 An Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair

An 1 Bealtaine 2019 bhí an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair daingnithe ag Poblacht na hAlbáine, ag an mBoisnia agus an Heirseagaivéin, ag Poblacht na Macadóine Thuaidh, ag an gCosaiv[*] (dá ngairtear an Chosaiv anseo feasta), ag Montainéagró agus ag Poblacht na Seirbia. Tá an tAontas Eorpach ina pháirtí sa Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair agus an 4 Márta 2019 ghlac sé Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair[1], a tháinig i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.

### 2.2 An Coiste Stiúrtha Réigiúnach

Bunaítear an Coiste Stiúrtha Réigiúnach le hAirteagal 24 den Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair agus tá sé le bheith freagrach as an gConradh sin a riar agus as a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go cuí é. Chun na críche sin, déanfaidh sé moltaí agus cinntí sna cásanna sin dá bhforáiltear sa Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair. Go sonrach, déanann an Coiste Stiúrtha Réigiúnach an méid seo a leanas:

(a) ullmhaíonn sé obair na Comhairle Aireachta,

(b) déanann sé cinntí maidir le coistí teicniúla a bhunú,

(c) déanann sé moltaí agus cinntí i gcomhréir leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair,

(d) a mhéid a bhaineann le gníomhartha nuaghlactha de chuid an Aontais, déanann sé beart de réir mar is iomchuí, go háirithe trí Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair a athbhreithniú,

* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le UNSCR 1244 (1999) agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

1 Cinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, IO L 71, 13.3.2019, lgh. 1-4

(e) ceapann sé Stiúrthóir na Buanrúnaíochta tar éis dul i gcomhairle leis an gComhairle Aireachta,

(f) féadfaidh sé Leas-Stiúrthóir amháin nó níos mó a cheapadh ar an mBuanrúnaíocht,

(g) leagann sé síos rialacha na Buanrúnaíochta,

(h) féadfaidh sé, trí bhíthin cinnidh, leibhéal na ranníocaíochtaí buiséid a athbhreithniú,

(i) glacann sé buiséad bliantúil TCT,

(j) glacann sé an cinneadh lena sonraítear an nós imeachta chun an buiséad a chur chun feidhme, cuntais a thíolacadh agus a iniúchadh agus cigireacht a dhéanamh,

(k) déanann sé cinntí faoi dhíospóidí a dhéanann na Páirtithe Conarthacha,

(l) glacann sé prionsabail ghinearálta sa réimse a bhaineann le rochtain ar dhoiciméid, i leith doiciméid atá i seilbh comhlachtaí a bunaíodh leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair nó a bunaíodh faoin gConradh sin,

(m) glacann sé tuarascálacha bliantúla, a chuirtear faoi bhráid na Comhairle Aireachta maidir le cur chun feidhme an Ghréasáin Chuimsithigh;

(n) i leith gníomhartha áirithe de chuid an Aontais, bunaíonn sé teorainneacha ama agus bealaí i ndáil le trasuí na ngníomhartha sin ag Páirtithe Oirdheisceart na hEorpa.

Tá ionadaí agus ionadaí malartach de gach Páirtí Conarthach ar an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach. Is féidir le Ballstáit uile an Aontais a bheith rannpháirteach mar bhreathnóirí. Is d’aon toil a ghníomhaíonn an Coiste Stiúrtha Réigiúnach.

### 2.3 An Buiséad agus Rialacha Airgeadais

Leagtar amach an ranníocaíocht a chuirfear i mbuiséad an Chomhphobail Iompair in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair. Is é 80 % an sciar den bhuiséad a sholáthróidh an tAontas Eorpach agus soláthróidh páirtithe na mBalcán Thiar an 20 % atá fágtha.

An 29 Iúil 2020 ghlac Coiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair na rialacha airgeadais agus na nósanna imeachta um iniúchadh is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair.

Leis na rialacha airgeadais cuirtear é ar a chumas do Stiúrthóir na Buanrúnaíochta buiséad an Chomhphobail Iompair a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 36 den Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Is gá don Choiste Stiúrtha Réigiúnach na cinntí atá beartaithe a ghlacadh ar mhaithe le cur chun feidhme an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair agus ar mhaithe le feidhmiú cuí na Buanrúnaíochta. Ós rud é gur páirtí é an tAontas sa Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, is gá seasamh an Aontais maidir leis na cinntí a bhunú.

I ndáil leis sin, meabhraítear gur gné amháin é an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair lena bhféadfaí an comhar réigiúnach laistigh de na Balcáin Thiar a neartú, mar a

mhínítear a thuilleadh sa togra ón gCoimisiún le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le síniú TCT [COM(2017)324 final, 'Comhthéacs Ginearálta'].

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1 Bunús dlí don nós imeachta

*4.1.1 Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí ón gComhairle lena mbunófar '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*'.

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a fhéadfaidh '*tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[2].

*4.1.2 Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht a bunaíodh le comhaontú, eadhon an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, é an Coiste Stiúrtha Réigiúnach.

Is gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo na gníomhartha atáthar ag iarraidh ar an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach a ghlacadh. I gcomhréir le hAirteagal 30 den Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, tugtar de chumhacht don Choiste Stiúrtha Réigiúnach rialacha na Buanrúnaíochta a leagan síos, go háirithe maidir le hearcú, dálaí oibre agus cothromaíocht gheografach fhoireann na Rúnaíochta. De thoradh a gcineáil, agus mar ábhar dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an Coiste Stiúrtha Réigiúnach, tá gnéithe de na rialacha sin nach mór a mheas mar ghnéithe a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo.

Leis na gníomhartha atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach TCT.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí don nós imeachta maidir leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.2 Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Prionsabail*

Braitheann an bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó príomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear faoin bpríomhaidhm nó faoin bpríomh-chomhpháirt.

Maidir le gníomh atá beartaithe a bhfuil roinnt cuspóirí éagsúla á saothrú aige ag an am céanna, nó a bhfuil roinnt comhpháirteanna éagsúla ann, ar cuspóirí nó comhpháirteanna iad a

---

[2] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, Cás C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

bhfuil dlúthnasc doscartha eatarthu gan aon cheann acu a bheith teagmhasach le hais an chinn eile, ní mór, ar bhonn eisceachtúil, na boinn chomhfhreagracha dlí ar fad a áireamh sa bhunús dlí substainteach atá leis an gcinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Na gníomhartha atá beartaithe, tá siad riachtanach chun go bhfeidhmeoidh an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair mar is cuí. Dá réir sin, leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, saothraítear cuspóirí i réimsí an iompair de bhóthar, d'iarnród agus d'uiscebhealaí intíre, ar modhanna iompair iad a chumhdaítear le hAirteagal 91 CFAE, agus i réimse an iompair de mhuir freisin, modh iompair a chumhdaítear le hAirteagal 100(2) CFAE, agus baineann comhpháirteanna den Chonradh leis na réimsí sin. Ós gníomhartha cothrománacha iad, baineann na gníomhartha atá beartaithe leis na nithe sin go léir.

Dá bhrí sin, tá na forálacha seo a leanas i mbunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe: Airteagal 91 agus Airteagal 100(2) CFAE.

### 4.3 Conclúid

Ba cheart Airteagal 91 agus Airteagal 100(2) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith ina mbunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

2022/0330 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le hathruithe áirithe ar rialacha riaracháin agus foirne agus a mhéid a bhaineann le tabhairt isteach liúntais oideachais agus rialacha maidir le hiasacht agus saineolaithe fostaithe go háitiúil

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 agus Airteagal 100(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Shínigh an tAontas an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair ('TCT') i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2017/1937 ón gComhairle[3].

(2) Formheasadh an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair thar ceann an Aontais Eorpaigh an 4 Márta 2019[4] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.

(3) Leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair bunaíodh an Coiste Stiúrtha Réigiúnach chun TCT a riar agus a chur chun feidhme mar is cuí.

(4) Tá sé beartaithe go nglacfaidh an Coiste Stiúrtha Réigiúnach cinntí maidir le leasuithe ar Chinneadh Uimh. 2019/3 uaidh, i dtaca le rialacha maidir le liúntas oideachais le haghaidh Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair agus i dtaca le rialacha maidir le hiasacht agus saineolaithe fostaithe go háitiúil, faoi seach.

(5) Dá réir sin, is gá cinntí a dhéanamh ar mhaithe le dea-fheidhmiú Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair. Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach a bhunú maidir le glacadh na gcinntí sin.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Na cinntí lena leasaítear Cinneadh Uimh. 2019/3 i dtaca le rialacha maidir le liúntas oideachais le haghaidh Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair agus i dtaca le rialacha maidir le hiasacht agus saineolaithe fostaithe go háitiúil, faoi seach, beidh an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair maidir

[3] Cinneadh (AE) 2017/1937 ón gComhairle an 11 Iúil 2017 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, IO L 278, 27.10.2017, lch. 1.

[4] Cinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, IO L 71, 13.3.2019, lgh. 1-4.

leis na cinntí sin bunaithe ar na dréachtchinntí ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Féadfaidh ionadaithe an Aontais sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach mionathruithe ar na dréachtchinntí a aontú gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*